www.xtrapapers.com

Rewarding Learning

Uimhir Lárionaid

Uimhir Iarrthóra

General Certificate of Secondary Education
2019

# Eolaíocht Teastas Dúbailte: Bitheolaíocht

Aonad 7 Scileanna Praiticiúla
**Leabhrán B**
Bonnsraith

**[GDW72]**

*GDW72*

## DÉ hAOINE 7 MEITHEAMH 2019, MAIDIN

**AM**

30 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
**Ní mór duit na ceisteanna a fhreagairt sna spásanna chuige sin.**
**Ná scríobh taobh amuigh den achar bhoscáilte ar gach leathanach nó ar leathanaigh bhána.**
Comhlánaigh le dúch dubh amháin. Ná **scríobh le peann glóthaí.**
Freagair **gach** ceist.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 35 an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní atá priontáilte ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gCeist **3**.

12267.02


www.xtrapapers.com

**1** **(a)** Tá trí bhleib oinniúin ar taispeáint sa ghrianghraf thíos.



*© Geoff Kidd / Science Photo Library*

Rinne dalta sleamhnán cealla oinniúin ón bhleib oinniúin a ullmhú, le breathnú orthu faoi mhicreascóp.
Taispeánann na grianghraif thíos dhá chéim sa phróiseas seo.



*© Trevor Clifford Photography / Science Photo Library*



*© Caia Image / Science Photo Library*

Baineann an dalta úsáid as teanchair leis an chlúidghloine a ísliú go mall ar an tsleamhnán.
Mura ndéantar é seo go cúramach, is féidir go bhfeicfear fáinní tiubha dubha ar an tsleamhnán nuair a bhreathnaítear air faoin mhicreascóp.

**(i)** Luaigh cad iad na fáinní tiubha dubha seo.

______________________________ [1]

www.xtrapapers.com

**(ii)** Is ruaim é tuaslagán iaidín is féidir a chur leis na cealla oinniúin.
Cad é an buntáiste a bhaineann le ruaim a chur leo?


______________________________

______________________________ [1]

**(iii)** Cé acu réadlionsa a mbaintear úsáid as i dtosach le breathnú ar na cealla oinniúin?

______________________________ [1]

**(b)** Taispeánann an grianghraf thíos sleamhnán de chealla oinniúin a mbreathnaítear orthu faoin mhicreascóp.




*© M.I. Walker / Science Photo Library*

**(i)** Ainmnigh cuid **A**.

______________________________ [1]

Fásann bleibeanna oinniúin faoin talamh.

**(ii)** Ta struchtúir a cheapann solas ar iarraidh ó na cealla oinniúin seo a bhí tógtha ón bhleib oinniúin.
Ainmnigh na struchtúir seo.

______________________________ [1]

**(iii)** Luaigh cad chuige a bhfuil na struchtúir seo ar iarraidh ó na cealla oinniúin.

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________ [2]

**[Tiontaigh an leathanach**

www.xtrapapers.com

**2** **(a)** Bhain dalta úsáid as trí imoibrí dhifriúla le tástálacha bia a dhéanamh ar bhriosca.

Tá a cuid torthaí ar taispeáint sa tábla thíos.

| Imoibrí | Dath an imoibrí roimh an tástáil | Dath an imoibrí i ndiaidh na tástála |
|---|---|---|
| Benedict | | Deascán donnrua |
| Dé-úiréit | | Gorm |
| Eatánól | | Eibleacht bhán |

**(i)** Scríobh sna boscaí folmha le dath na n-imoibrithe roimh an tástáil a thabhairt, leis an tábla a chomhlánú. [3]


**(ii)** Bain úsáid as na torthaí sa tábla leis na cineálacha bia a bhí sa **bhriosca seo** a lua.

_______________________________________________

_______________________________________________ [2]

www.xtrapapers.com

**(b)** Rinne an dalta turgnamh eile ansin le cion fuinnimh sampla den bhriosca seo a fháil.
Taispeánann an léaráid thíos cuid den fhearas a d'úsáid sí.




*Foinse: Príomhscrúdaitheoir*

**(i)** Cad é an ball fearais eile atá de dhíth sa phromhadán fiuchta leis an turgnamh seo a dhéanamh?

_______________________________ [1]

Rinne an dalta an sampla briosca a mheá agus chuir sí ar shnáthaid choise é.

**(ii)** Cad é ba chóir don dalta a dhéanamh don tsampla briosca ansin roimh é a choinneáil faoin phromhadán fiuchta?

_______________________________

_______________________________ [1]

**(iii)** Cad chuige a bhfuil sé tábhachtach go ndóitear an sampla briosca go hiomlán?

_______________________________

_______________________________ [1]

**(iv)** Ní bheadh an toradh cruinn mura gcoinneodh an dalta an sampla briosca gar do bhun an phromhadáin fiuchta le linn an turgnaimh. Mínigh cad chuige.

_______________________________

_______________________________ [1]

**[Tiontaigh an leathanach**

www.xtrapapers.com

Rinne an dalta an turgnamh arís leis an mhais chéanna den **dara** cineál briosca.
Bhí ardú teochta níos mó san uisce.
Bhain an dalta tátal as go raibh níos mó fuinnimh sa dara briosca.

**(c)** Luaigh an dóigh a raibh inneachar an dara briosca difriúil le hinneachar an chéad bhriosca.

[2]

www.xtrapapers.com

3 Rinne daltaí imscrúdú ar dháileadh cúig speiceas planda ó cheantar coillearnaí isteach i gceantar féaraigh.

Cuir síos ar an dóigh a ndearna na daltaí an t-imscrúdú seo.

**Sa cheist seo measúnófar thú ar scileanna na cumarsáide scríofa agat, lena n-áirítear úsáid na saintéarmaí eolaíocha.**

[6]

[Tiontaigh an leathanach

www.xtrapapers.com

**LEATHANACH BÁN**

**NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO**

www.xtrapapers.com

**4** Rinne daltaí imscrúdú ar líonta na gcuiteog i bpáirc.

Rinne siad líon na gcuiteog a shampláil in achar 1 $m^2$ ar dhoimhneacht 15 cm uair amháin gach dhá mhí ar feadh bliain amháin.

**(a)** Luaigh an athróg **neamhspleách** san imscrúdú seo.

______________________________ [1]

Thomhais na daltaí meánteocht an aeir agus an mheánbháisteach fosta do gach tréimhse dhá mhí le linn a n-imscrúdaithe.

**(b)** Cuir síos ar an dóigh a bhfaigheadh na daltaí **meánteocht** an aeir do gach tréimhse dhá mhí.

______________________________

______________________________


______________________________

______________________________ [2]

[Tiontaigh an leathanach

www.xtrapapers.com

**(c)** An graf thíos, taispeánann sé meánteocht an aeir a fuair na daltaí do gach tréimhse dhá mhí.




**(i)** Bain úsáid as an ais ar **an taobh dheas** den ghraf leis an mheánteocht aeir is airde a fuair na daltaí a thabhairt.

_______________ °C [1]

Thaifead na daltaí líon na gcuiteog i ngach tréimhse dhá mhí.
Tá a gcuid torthaí ar taispeáint sa tábla thíos.

| Míonna | Líon na gcuiteog / $m^2$ |
|---|---|
| Feabhra agus Márta | 22 |
| Aibreán agus Bealtaine | 104 |
| Meitheamh agus Iúil | 12 |
| Lúnasa agus Meán Fómhair | 50 |
| Deireadh Fómhair agus Samhain | 118 |
| Nollaig agus Eanáir | 76 |

www.xtrapapers.com

(ii) Bain úsáid as na sonraí sa tábla thall le líneghraf a tharraingt den líon cuiteog ar an eangach.

Bain úsáid as an scála atá tugtha ar an **ais chlé**. [3]

Thaifead na daltaí fosta an mheánbháisteach i ngach tréimhse dhá mhí le linn a n-imscrúdaithe.
Tugann an tábla thíos a gcuid torthaí.

| Míonna | Meánbháisteach / $mm^3$ |
|---|---|
| Feabhra agus Márta | 61 |
| Aibreán agus Bealtaine | 110 |
| Meitheamh agus Iúil | 33 |
| Lúnasa agus Meán Fómhair | 47 |
| Deireadh Fómhair agus Samhain | 120 |
| Nollaig agus Eanáir | 105 |

Taifeadadh an líon is ísle cuiteog i Meitheamh agus Iúil.

**(iii)** Bain úsáid as an tábla den mheánbháisteach thuas agus as an fhaisnéis sa ghraf le cad chuige a mhíniú.

Bain úsáid as píosa **amháin** sonraí le tacú le do fhreagra.

Míniú ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

Sonraí ______________________________ [3]

**(d)** Luaigh toisc aibitheach **amháin eile** a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar líon na gcuiteog i bpáirc.

______________________________ [1]

## SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

www.xtrapapers.com

**NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO**

| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| **Uimhir Ceiste** | **Marcanna** |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| **Marc Iomlán** | |

**Uimhir Scrúdaitheora**

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.